# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## Tuarascáil Bhliantúil 2007/2008

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte Agus Cúraim Shóisialaigh

# Tuarascáil Bhliantúil 2007

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Clár Ábhar

| | |
|---|---|
| | Lth |
| **Clár na nÁbhar** | **4** |
| **Réamhrá an Chathaoirligh** | **5** |
| **1.0 Réamheolas** | **6** |
| **2.0 An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh** | |
| **3.0 Foghúpaí na Comhairle** | **10** |
| **Tuarascálacha Airgeadais** | **13** |
| Ráiteas ar fhreagrachtaí Bhaill na Comhairle | 14 |
| Tuarascáil an Iniúchóra | 15 |
| Ráiteas ar an gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach | 17 |
| Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta | 18 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse on 26 Márta 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007 | 19 |
| An Clár Comhardaithe don tréimhse ón 26 Márta 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007 | 20 |
| Nótaí ar na Cuntais Airgeadais | 21 |

## Réamhrá an Chathaoirligh

Is cúis mhór áthais dom é an chéad Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a chur i láthair.

Cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Máire Ní Áirne, T.D. an chéad Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh riamh ar an 26 Márta 2007 agus ba é Finbarr Flood an chéad chathaoirleach a bhí ar an gComhairle. Stiúir agus Finbarr an Chomhairle agus thug treoir di sa t-sé mhí tosaigh dá tréimhse forbartha roimh dó éirí as de bharr go raibh brú air óna chuid dualgaisí eile. Ba mhaith leis an gComhairle an deis seo a thapú agus a meas mór ar an obair a rinne Finbarr di sa tréimhse tosaigh seo a chur in iúl agus gach rath a ghuí air agus é ag tabhairt faoi na héachtaí nua atá roimhe.

Díríodh obair na Comhairle ar riachtanais an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, an tAcht faoinar bunaíodh é, a chíoradh chun a dhearbhú cad iad na nithe a bheadh le déanamh go praiticiúil ag an gComhairle chun cuspóir an Achta a bhaint amach, is é sin, an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin in iompar gairmiúil agus in oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil i measc lucht cláraithe na ngairmeacha ainmnithe a chur chun cinn.

Bunaíodh líon áirithe fochoistí chun comhairle ar an gComhairle i réimsí tábhachtacha Airgeadais, Rialachais, Earcú príomhoifigigh fheidhmiúcháin, Cláraithe; Oideachais agus Oiliúna; agus infheidhmeachta chun cleachtadh.

Tá próiseas earcaíochta an phríomhoifigigh fheidhmiúcháin críochnaithe anois agus tá Ginny Hanhrahan Uas. tar éis dul i mbun a dualgais mar Phríomhoifigeach Fheidhmiúcháin. Agus an méid seo déanta cuirtear tús leis an gcéad chéim eile d’obair na Comhairle i ndáiríre. Is mian leis an gComhairle comhghairdeachas a dhéanamh leis an mbean uasal Hanrahan as ucht a ceapacháin agus tá an Chomhairle ag tnúth le caidreamh oibre fada rathúil léi. Cuirfidh an Chomhairle tús anois le socruithe a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí a bheidh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua ar feadh a bhfuil fágtha de 2008.

Ba mhaith liom an deis a thapú arís chun buíochas a ghabháil le Finbarr Flood thar mo cheann féin agus thar ceann na Comhairle, as ceannasaíocht agus saineolas a chur ar fáil don gComhairle ar feadh na míonna ríthábhachtacha tosaigh dá cuid oibre nuair a bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin uirthi. Chomh maith leis sin is mian liom go háirithe ár mbuíochas a chur in iúl as an tacaíocht a thug an Roinn Sláinte agus Leanaí don gComhairle le linn di a bheidh ag tógáil na gcéad chéimeanna agus í i mbun a forbartha féin i 2007.

Margaret Hayes

Margaret Hayes
Cathaoirleach

# CUID 1

## 1.0 Réamheolas

### 1.1 An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005

Achtaíodh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh go príomha chun a chur ar chumas lucht gairme sláinte agus cúraim shóisialaigh cleachtadh i dtimpeallacht rialáilte rialaithe sábháilte agus ar shlí go n-áirithítear go bhfuil idirghabhálacha ardchaighdeáin á gcur ar fáil, go dtéitear i ngleic leis na dúshláin a ghabhann le cúram agus le réimeanna agus teiripe na ndaoine a úsáideann an tseirbhís. Cúram agus réimeanna is ea iad atá ag forbairt agus atá ag éirí níos casta de réir a chéile. Forálann an tAcht do chóras ina bhféadtar éascaíocht a dhéanamh do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh chun gur féidir leo cleachtais fhreagracha chuntasacha a chinntiú agus cúram agus seirbhís den scoth a thabhairt do na hothair.

### 1.2 Forálacha atá déanta san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, 2005

Déanann an tAcht foráil do bhunú Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh chun go bhfeidhmeoidh sé mar rialtóir reachtúil na ngairmithe ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ina n-áirítear iad seo a leanas atá sonraithe in Alt 4 den Acht:

- Bithcheimiceoirí cliniciúla
- Diaitéitigh
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí saothair
- Ortoptaigh
- Fisiteiripeoirí
- Cleachtóirí Cosliachta
- Síceolaithe
- Radagrafaithe
- Oibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhartha agus Teanga

### 1.3 Feidhmeanna na Comhairle

Tá príomhfheidhmeanna na Comhairle faoin Acht leagtha amach in Alt 7. Go hachomair is féidir cur-síos a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- Othair agus leas an phobail a chosaint
- Cláir gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a choinneáil
- Cóid iompair do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chur le chéile agus maoirseacht a dhéanamh ar dhearbhú cáilíochta agus ar fheidhmiú dea-chleachtais ar fud na hearnála
- Caighdeáin arda oideachais agus oiliúna a chur chun cinn agus a áirithiú
- Fiosrúcháin a dhéanamh chun “oiriúnacht” chun cleachtaidh a dhearbhú
- Gearáin a bhaineann le cleachtadh lucht gairme sláinte agus cúraim shóisialaigh a phróiseáil
- Gníomhú mar údarás clárúcháin do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ar mian leo cleachtadh in Éirinn agus a fuair a gcáilíocht lasmuigh d’Éirinn.
- Gníomhú mar údarás inniúil i leith comhaitheantas ar cháilíochtaí ó thíortha eile an AE

Féachtar ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 mar mhír reachtaíochta ríthábhachtach a dhéanann foráil do shláinte, shábháilteacht agus leas othar, úsáideoirí agus an phobail.

# CUID 2

## 2.0 An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Is céim mhór tosaigh é bunú na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh maidir le cur i ngníomh an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

## 2.1 Ballraíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte ague Cúraim Shóisialaigh

Tugann an tAcht cumhachtaí don Aire Sláinte agus Leanaí chun Comhairle 25 ball a cheapadh ina bhfuil Cathaoirleach agus 24 Ghnáthbhall. Baill thuata is ea tromlach na Comhairle. Is i ndiaidh comhairlithe fhairsing le roinnt eagraíochtaí agus comhlachtaí éagsúla a ceapadh an chéad Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus tugadh aird d'ainmiúcháin ó eagraíochtaí gairmithe; b'iad seo a leanas na daoine a ceapadh:

### BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE UM GAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

**Cathaoirleach**

Finbarr Flood, Uas.*

**Ionadaithe na nGairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (12)**

An Dr. John O'Mullane *(Bithcheimiceoirí Cliniciúla)*
Margaret Doyle, Uas. *(Diaitéitigh)*
Jacqui Barry-O'Crowley *(Eolaithe Míochaine)*
An Dr. Elizabeth Anne McKay *(Teiripeoirí Saothair)*
Nanno Fitzsimons, Uas. *(Ortoptaigh)*
Jill Long , Uas. *(Fisitheiripeoirí)*
Patricia Godwin, Uas. *(Cleachtóirí Cosliachta/Coslianna)*
An Dr. Mitchel J. Fleming *(Síceolaithe)*
An Dr. Mark McEntee *(Radagrafaithe)*
Monica Egan, Uas. *(Oibrithe Sóisialta)*
David Power, Uas. *(Oibrithe Cúraim Shóisialaigh)*
Una O'Shiel, Uas. *(Teiripeoirí Urlabhartha agus Teanga)*

**Ainmnithe an Aire (3)**

Joan Freeman, Uas.
Bernie McNally, Uas.
Tom Jordan, Uas.

**Ionadaithe Bainistíochta Sláinte Poiblí agus Príobháideacha/Deonacha (2)**

Elva Gannon, Uas.
Tony Darmody, Uas.

**Ionadaí Oideachais (1)**

An tOllamh James Browne

**Ionadaithe ón nGáthphobal (6)**

Vincent McCabe, Uas.
An tOllamh Denis A. Cusack
Michael O'Halloran, Uas.
Kevin F. Jones, Uas.
Caroline Casey, Uas.**
Joan Johnson, Uas.

* Tháinig Margaret Hayes, Uas. in ionad an Uasail Finbarr Flood nuair a d'éirigh sé as a phost mar Chathaoirleach i mí na Samhna 2007.

** Tháinig Mary O'Donnell, Uas. in ionad Caroline Casey, Uas. nuair a d'éirigh sí as i mí na Nollag 2007.

Chuaigh an Chomhairle reatha i mbun oifige i mí na Márta 2007 agus bhí 7 gcruinnithe aici go dtí mí na Nollag 2007.

## 2.2 Feidhmeanna na Comhairle um Ghairmithe Sláinte ague Cúraim Shóisialaigh

Tá cuspóir agus feidhmeanna na Comhairle sonraithe in Ailt 7 agus 8 den Acht mar a leanas:

**7**. - *Is é cuspóir na Comhairle ardchaighdeáin in iompar proifisiúnta agus in oideachas, oiliúint agus inniúlacht gairme a chur chun cinn i measc cláraithe na ngairmeacha ainmnithe ar mhaithe le sábháilteacht an phobail.*

*Feidhmeanna agus Cumhachtaí na Comhairle*
**8.** – *(1) Déanfaidh an Chomhairle gach dá bhfuil gá leis agus gach dá bhfuil réasúnta chun a cuspóir a chur chun cinn agus feidhmeoidh sí a cumhachtaí agus comhlíonfaidh a feidhmeanna ar mhaithe le leas an phobail.*

*(2) Gan freagrachtaí na Comhairle a theorannú faoi fho-alt (1) is iad na feidhmeanna atá aici ná -*

- *(a) maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mbord clárúcháin,*
- *(b) tacaíocht ó thaobh riaracháin de agus cabhair rúnaíochta a chur ar fáil do bhoird chlárúcháin agus dá gcomhairlí,*
- *(c) iarratais a fháil agus cinntí a ghlacadh faoi Chuid 4 má dhiúltaíonn boird chlárúcháin clárú a cheadú nó a thabhairt ar ais,*
- *(d) caighdeáin cleachtais a fhorghníomhú i leith cláraithe na ngairmeacha ainmnithe ina n-áirítear na cóid um iompar proifisiúnta agus eitic a bhfuil glactha leo ag na boird chlárúcháin,*
- *(e) Coistí fiosraithe a chur ar bun chun fiosrú a dhéanamh ar ghearáin faoi Chuid 6 i gcoinne cláraithe na ngairmeacha ainmnithe,*
- *(f) cinntí a ghlacadh agus treoracha a thabhairt faoi Alt 6 maidir le bearta araíonachta a chur i bhfeidhm i gcoinne cláraithe na ngairmeacha ainmnithe,*
- *(g) comhairle a chur ar an Aire, uaidh féin nó ar iarraidh ón Aire, i dtaobh gach gnó a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle faoin Acht seo,*
- *(h) boird chlárúcháin a spreagadh chun comhoibriú lena chéile nuair is indéanta é, rud lena n-áirítear oideachas agus oiliúint gairme na gcláraithe,*
- *(i) treoirlínte measúnachta a eisiúint chun críocha ailt 91, agus*
- *(j) feidhm ar bith a chomhlíonadh a d'fhéadfadh an tAire a shannadh don gComhairle agus a bhaineann le-*
    - *(i) cláraithe cinn ar bith de na gairmeacha ainmnithe, a gcuid oideachais agus oiliúna agus cleachtadh na gairme,*
      *nó*
    - *(ii) cur i ngnímh treorach nó rialacháin ar bith de chuid Comhairle an Aontais Eorpaigh i ndáil le cleachtas cúraim shláinte nó cúraim shóisialaigh agus na ndaoine atá gníomhach iontu.*

**(3)** *Tá de chumhacht ag an gComhairle rud ar bith a dhéanamh atá, ina tuairim, riachtanach nó tairbheach do chomhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo nó a ghabhann leis, agus rud ar bith chun comhlíonadh na bhfeidhmeanna seo a éascú.*

## 2.3 Clár Gniomhaíochtaí 2007

Dhírigh an Chomhairle a cuid oibre ar feadh an tsé mhí tosaigh dá saol ar riachtanais an Achta a chíoradh go mion agus ar an obair phraiticiúil atá le déanamh ag an gComhairle chun cuspóir an Achta a chomhlíonadh a spíonadh amach. Chuige seo chuir an Chomhairle roinnt foghrúpaí ar bun ina bhfuil baill den gComhairle a bhfuil saineolas acu i sainréimsí chomh maith le baill ón taobh amuigh ag a bhfuil saineolas atá dírithe ar na príomhréimsí seo a leanas:

1. Rialachas
2. Airgeadas
3. Earcú Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin
4. Clárú
5. Oideachas agus Oiliúint
6. Oiriúnacht chun cleachtaidh

Tugtar achoimre ar obair na bhfoghrúpaí seo i gCuid 3. Sular bunaíodh na foghrúpaí bhuail an Príomh-hoifigeach Feidhmiúcháin le réimse fhairsing d'eagraíochtaí ó na gairmeacha atá faoi shainchúram an Achta. Áirítear iad seo a leanas orthu:

1. Cumann na mBithcheimiceoirí Cliniciúla in Éirinn
2. Insitiúid Cothúcháin agus Diaitéitice na hÉireann
3. Acadamh na nEolaithe Saotharlainne Míochaine
4. Cumann na dTeiripeoirí Saothair in Éirinn
5. Cumann Ortoptach na Breataine agus na hÉireann
6. Cumann Éireannach na bhFisiteiripeoirí Cairte
7. Cumann na gCoslianna agus na gCleachtóirí Cosliachta in Éirinn
8. Institiúid na gCoslianna agus na gCleachtóirí Cosliachta
9. Eagraíocht na gCoslianna agus na gCleachtóirí Cosliachta in Éirinn
10. Craobh Éireannach de Chumann Cosliachta agus Cleachtas Cosliachta na Breataine
11. Cumann Síceolaíochta na hÉireann
12. Institiúid Éireannach na Radagrafaithe agus na dTeiripeoirí Raidíochta
13. Cumann Éireannach na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh
14. Cumann Éireannach na nOibrithe Sóisialacha
15. Cumann Éireannach na dTeiripeorí Urlabhartha agus Teanga
16. An Bord Náisiúnta Cáilíochtaí d'Obair Shóisialta

# CUID 3

## 3.0 Foghúpaí na Comhairle

## 3.1 Rialachas

*3.1.1 Téarmaí Tagartha an Fhoghrúpa um Rialachas*

1. Riachtanais faoin Acht a aithint
2. Saincheisteanna atá tábhachtach don gComhairle a aithint
3. Dréacht de chreatbheart um rialachas a chur le chéile

*3.1.2 Ballraíocht an Fhoghrúpa um Rialachas*

*Ballraíocht na Foirne*

Tom Jordan, Uas. (Comhordaitheoir), Elva Gannon, Uas., an tOllamh Jim Browne, Michael O'Halloran, Uas., Patricia Godwin, Uas., An Dr. John O'Mullane, Caroline Casey, Uas.

*Ballraíocht Sheachtrach*

*Simonetta Ryan (An Roinn Sláinte agus Leanaí), Sinead McEvoy (An Roinn Sláinte agus Leanaí)*

*Bhí sé cruinnithe ag an bhfoghrúpa um Rialachas agus d'ullmhaigh sé dréacht dar teideal "Governance Framework for Health and Social Care Professionals Council (Code of Practice)" ("Creatbheart um Rialachas le haghaidh na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, (Cód Cleachtais))" chun go mbreathnódh an Chomhairle air.*

## 3.2 Airgeadas

*3.2.1 Téarmaí Tagartha an Fhoghrúpa Airgeadais*

1. Riachtanais ar bith faoin Acht a aithint
2. Meastachán a dhéanamh ar chistiú atá ag teastáil agus ar leibhéal ionchasach táillí
3. Na struchtúir airgeadais a leagan amach (cuntais bhainc/nósanna imeachta iniúchóireachta)
4. Caiteachas ar dóigh dó a bheith ann agus an próiseas chun cistí a tharraingt anuas a leagan amach

*3.2.2 Ballraíocht an Fhoghrúpa Airgeadais*

*Ballraíocht na Comhairle*

Vincent McCabe, Uas. (Comhordaitheoir), Tony Darmody, Uas., Bernie McNally, Uas., Kevin F. Jones, Uas., Joan Freeman, Uas., An Dr. Elizabeth-Anne McKay, Nanno Fitzsimons, Uas., Jacqui Barry-O'Crowley, Uas., Mitchel Fleming, Uas.

*Ballraíocht Sheachtrach*

Caroline Kelly, Uas. (An Roinn Sláinte agus Leanaí)

Bhí 6 cruinnithe ag an bhfoghrúpa Airgeadais i 2007. Chuir sé le chéile meastacháin maidir le caiteachas i 2008 agus cuireann sé comhairle ar an gComhairle i dtaobh pleanáil seirbhíse, acmhainní daonna agus cóiríocht, chomh maith.

## 3.3 Earcú an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

*3.3.1 Téarmaí Tagartha an Fhoghrúpa um Phost an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin*

1. Duine agus sonraí poist do phost an POF a ullmhú
2. Próiseas earcaíochta agus creat ama ina gcríochnaítear an próiseas a mholadh

*3.3.2 Ballraíocht an Fhoghrúpa um Phost an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin*

***Ballraíocht na Comhairle***

Elva Gannon, Uas. (Comhordaitheoir), Bernie McNally, Uas., An tOllamh Denis A Cusack, Kevin F. Jones, Uas., Tom Jordan, Uas., Finbarr Flood, Uas.

Bhí roinnt cruinnithe ag an bhfoghrúpa. D'ullmhaigh sé agus mhol sé sonrú phearsa, sonraí poist, próiseas earcaíochta agus creat ama i gcomhair earcaithe an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin. Bhreathnaigh an Chomhairle moltaí an choiste agus ghlac leo ag cruinniú i mí na Samhna 2007. Fógraíodh an post roimh dheireadh na míosa seo agus ba í antSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhainistigh an próiseas earcaíochta.

## 3.4 Clárú

*3.4.1 Téarmaí Tagartha na bhFoghrúpaí um Chlárúchán*

1. Cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas clárúcháin de réir mar atá sé sonraithe san Acht
2. Na saincheisteanna a bhaineann leis an gComhairle a aithint
3. Comhairle a chur ar an gComhairle maidir leis na nithe a chaithfear a chur chun cinn chun gur féidir clárú
4. Dréachtphlean gnímh a chur le chéile chun ullmhú i gcomhair clárúcháin

*3.4.2 Ballraíocht na bhFoghrúpaí um Chlárúchán*

***Ballraíocht na Comhairle***

An Dr. Mark McEntee (Comhordaitheoir), Margaret Doyle, Uas., Nanno Fitzsimons, Uas., An Dr. Mitchel J. Fleming, Patricia Godwin, Uas., Jill Long, Uas., Vincent McCabe, Uas., Michael O'Hallrohan, Uas., David Power, Uas., An Dr. John Mullane, Jacqui Barry-O'Crowley, Uas.

***Ballraíocht Sheachtrach***

Caroline Kelly, Uas. (An Roinn Sláinte agus Leanaí)

Bhí 6 cruinnithe ag an bhfoghrúpa i 2007 agus rinne sé dréachtfhoirm iarratais i gcomhair cláraithe i dteannta nóta treorach chun go bhféachfadh an Chomhairle air.

## 3.5 Oideachas agus Oiliúint

*3.5.1 Téarmaí Tagartha an Fhoghrúpa um Oideachas agus Oiliúint*

1. Cur-síos a dhéanamh ar riachtanais faoin Acht maidir le hoideachas agus oiliúint
2. Saincheisteanna a aithint a bhaineann le hoideachas chun críocha clárúcháin, rud lena n-áirítear bailíochtú cúrsaí
3. A phlé leis an gComhairle cé acu ar chóir nó nár chóir go mbeadh Forbairt Leantach Ghairmiúil ina saincheist ar leith do choiste eile

*3.5.2 Ballraíocht an Fhoghrúpa um Oideachas agus Oiliúint*

*Ballraíocht na Comhairle*
An Dr. Elizabeth-Anne McKay (Comhordaitheoir), Joan Johnson, Uas., Bernie McNally, Uas., Monica Egan, Uas., An tOllamh Jim Browne, Margaret Doyle, Uas., Una O'Shiel, Uas., An Dr. Mark McEntee.

*Ballraíocht Sheachtrach*
Eilis Walsh, Uas. (An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta), Sinead McEvoy (An Roinn Sláinte agus Leanaí)

Bhí sé cruinnithe ag an bhfoghrúpa i 2007 agus rinne sé dréachtchaighdeáin i gcomhair oideachais agus oiliúna agus caighdeáin inniúlachta chun go bhféachfadh an Chomhairle orthu.

## 3.6 Oiriúnacht Chun Cleachtaidh

*3.6.1 Téarmaí Tagartha an Fhoghrúpa um Oiriúnacht chun Cleachtaidh*

1. Cur-síos a dhéanamh ar an gcreatbheart um Oiriúnacht chun cleachtaidh mar atá sé sonraithe san Acht.
2. Na saincheisteanna a bhaineann leis an gComhairle a aithint.

*3.6.2 Ballraíocht Chomhairle an Fhoghrúpa um Oiriúnacht chun Cleachtaidh*
Jill Long, Uas. (Comhordaitheoir), Joan Freeman, Uas., David Power, Uas., An tOllamh Denis A. Cusack, Monica Egan, Uas., Tony Darmody, Uas., Caroline Casey, Uas.

*Ballraíocht Sheachtrach*
Simonetta Ryan, Uas. (An Roinn Sláinte agus Leanaí), Caroline Kelly, Uas. (An Roinn Sláinte agus Leanaí), Sinead McEvoy (An Roinn Sláinte agus Leanaí).

Bhí sé cruinnithe ag an bhfoghrúpa agus rinne sé dréacht de chreatbheart um Oiriúnacht chun Cleachtaidh agus Rialacha Ginearálta um Iompar Gairmiúil (Cód Eitice agus Caighdeáin Feidhmíochta agus Iompair).

# RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA

## DON gCOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH DON TRÉIMHSE ÓN 20Ú MÁRTA 2007 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2007

An Chomhairle Um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ BHAILL NA COMHAIRLE

## MAIDIR LEIS AN TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2007

Bhunaigh an tAire Sláinte agus Leanaí an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005.

Ní mór don gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ráitis airgeadais a ullmhú maidir leis an tréimhse ón dáta ar bunaíodh í go dtí an 31ú Nollaig 2007 a thugann léargas fíor cóir ar stáid gnóthaí na Comhairle agus ar a hioncam agus a caiteachas le linn na tréimhse.

Agus na ráitis airgeadais sin a n-ullmhú aici tá ar an gComhairle:-

- beartais cuntaisaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin muna cuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh de bheith ag oibriú.

Tá an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach tráth ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhallann na ráitis airgeadais an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 agus na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo de ghnáth. Tá an Chomhairle freagrach, leis, as a cuid sócmhainní a chosaint agus dá thoradh sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a aimsiú.

*Thar ceann na Comhairle*

Cathaoirleach Margaret Hayes

Ball den gComhairle

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CHUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005.

Sna ráitis airgeadais cuimsítear an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh iad de réir na mbeartas cuntasaíochta atá sonraithe iontu.

## FREAGRACHTAÍ FAOI SEACH NA COMHAIRLE AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 agus as rialtacht na n-idirbheart áirithiú. Ullmhaíonn an Chomhairle na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá na freagrachtaí cuntasaíochta atá ar Bhaill na Comhairle sonraithe sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Baill na Comhairle.

Tá dualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheangaltas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé acu, an dtugann na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cóir de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn nó nach dtugann. Tuairiscím chomh maith cibé acu, ar coinníodh leabhair chuntais chuí nó nár coinníodh i mo thuairim. Lena chois sin, dearbhaím cibé acu, an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais nó nach dtagann.

Tuairiscím aon chás ábhartha murar úsáideadh airgead chun na gcríocha dá raibh sé ceaptha, nó mura bhfuil na hidirbhearta ag réiteach leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím leis, mura bhfuil an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Athbhreithním cibé acu, an léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit agus tuairiscím cás ábhartha ar bith mura bhfuil sí ag déanamh amhlaidh nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó gan a bheith ag teacht le heolas eile atá agam ón iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais. Níl orm breathnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil gach priacal agus gach rialú clúdaithe san Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach nó nach bhfuil, agus níl orm tuairim a cheapadh ar éifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

## BUNÚS NA TUAIRIME INIÚCHÓIREACHTA

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste rinne mé iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí tagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, le heolas a nochtar agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnú ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnú le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Comhairle, ar feidhmíodh na beartais sin ar shlí sheasmhach agus ar nochtadh go cuí iad.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh i dtreo go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán, chomh maith.

## TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cóir, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Comhairle ar an 31 Nollaig 2007 agus ar a hioncam agus ar a chaiteachas don tréimhse dar críoch sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Chomhairle leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
1ú Bealtaine 2009

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

## FREAGRACHT AS AN GCÓRAS UM RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh admhaím go bhfuil d'fhreagracht orainn a áirithiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú aigreadais inmheánach.

Is féidir leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach deimhnitheacht réasúnta, ach ní deimhnitheacht iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní arna gcosaint, go bhfuil idirbhearta arna údarú agus arna dtaifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha, é sin, nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Ba thréimhse inár cuireadh tús leis an gComhairle í an tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2007 agus ina raibh líon teoranta idirbheart aici. Bhí an Chomhairle ag brath ar an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le próiseáil idirbheart airgeadais.

Ghlac an Cathaoirleach agus Baill na Comhairle céimeanna chun a áirithiú go raibh córas éifeachtach um rialú airgeadais ag an gComhairle trí córas rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar eolas rialta ar chaiteachas a thabhairt don bhfoireann bainistíochta, trí nósanna imeachta riaracháin ina n-áirítear deighilt na ndualgas agus trí chóras tarmligean freagrachta. Ar na príomhnósanna imeachta áiríodh

I. Chuir an roinn choimiríochta, gurb í an Roinn Sláinte agus Leanaí í, meastachán bliantúil ar riachtanais airgeadais ar fáil.

II. Taifeadadh an caiteachas ar fad i gcóras cuntasaíochta mórleabhar ginearálta na Roinne.

III. Bhí deighilt dualgas i bhfeidhm idir íocaíochtaí a ullmhú, a údarú agus a dhéanamh.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT AN CHÓRAIS UM RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Ag féachaint do mhéid na heagraíochta agus don líon teoranta idirbheart sa tréimhse níor measadh go raibh gá aon athbhreithniú ar rialú airgeadais inmheánach maidir le 2007 a dhéanamh.

Síniú Margaret Hayes
Cathaoirleach

Dáta: 14/4/2009

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

RÁITEAS AR NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Eolas ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005. Bunaíodh an Chomhairle chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialú. Déanann an tAcht foráil d'aistriú bhaill foirne, shócmhainní agus dhliteanas an Bhoird Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta, rud a chuirfidh an tAire Sláinte agus Leanaí i bhfeidhm amach anseo.

1. An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus is é an Euro an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear iad. Glactar le Caighdeáin Tuarascála Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

2. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Baineann na ráitis airgeadais leis an tréimhse cuntais ón 20ú Márta 2007 gurb é dáta bunaithe na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh é go dtí an 31ú Nollaig 2007.

3. Deontas ón Oireachtas

Léiríonn ioncam deontais a aithnítear sna ráitis airgeadais an méid iomlán a d'íoc an Roinn Leanaí agus Sláinte thar ceann na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh i gcaitheamh na tréimhse.

4. Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar bhonn fabhraithe.

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH AN 31ú NOLLAIG 2007

| | Nótaí | 2007 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Oireachtas Grant | 1 | 57,650 |
| | **-** | **57,650** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Chomhairle | | |
| Seomra ar cíos | | 14,559 |
| Taisteal agus Cothú | | 4,660 |
| Táillí feidhmiúcháin | | 16,940 |
| Riarachán Oifige | | |
| Earcú Foirne | | 30,110 |
| Táille Iniúchóireachta | | 2,000 |
| Caiteachas Iomlán | | 68,269 |
| **Barrachas/(Easnamh) don tréimhse** | | (10,619) |

Déileáladh le gach gnóthachan agus le gach caillteanas aitheanta don tréimhse dar críoch an 31ú Nollaig 2007 tríd an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

Thar ceann na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh:

Síniú: ______________________
Cathaoirleach

Síniú: ______________________
POF

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31ú NOLLAIG 2007

| | Nótaí | 31/12/2007<br>€ |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 2 | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa bhanc nó ar láimh | 3 | - |
| **Dliteanais reatha** | | |
| Creidiúnaithe | 4 | (10,619) |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | 4 | **(10,619)** |
| | | ======= |
| **Caipiteal agus Cúltaiscí** | | |
| Barrachas/(Easnamh) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (10,619) |
| | | **(10,619)** |
| | | ======== |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

Thar ceann na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Síniú: ____________________
Cathaoirleach

Síniú: ____________________
POF

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS DON TRÉIMHSE DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2007

### 1. DEONTAS ÓN OIREACHTAS

| | 2007 |
|---|---|
| | € |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 57,650 |

Léiríonn an t-ioncam ón deontas an méid a scaoileadh ón Roinn Sláinte agus Leanaí chun freastal ar chaiteachas a thabhaigh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh sa tréimhse sa tréimhse dar críoch 31ú Nollaig 2007.

### 2. RIARACHÁN

Ní raibh aon bhall foirne fostaithe ag an gComhairle sa tréimhse go dtí an 31ú Nollaig 2007. Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí gach tacaíocht eile ó thaobh riaracháin de ar fáil don gComhairle.

### 3. BANC agus AIRGEAD AR LÁIMH

Sa tréimhse go dtí an 31ú Nollaig 2007 rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí na socruithe airgeadais agus baincéireachta ar fad. Ní raibh aon iarmhéideanna airgid ar láimh a bhain leis an gComhairle ar an 31ú Nollaig 2007.

### 4. CREIDIÚNAITHE(méideanna a bheith dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2007 |
|---|---|
| | € |
| Eilimintí Neamhphá | 10,619 |

### 5. CEANGALTAIS CAIPITIL AGUS CEANGALTAIS EILE

Ní raibh aon cheangaltais caipitil ag an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 31ú Nollaig 2007.

### 6. NOCHTADH LEASANNA DE CHUID NA mBALL

Tá glactha ag an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh le nósanna imeachta a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le leasanna de chuid ball na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a nochtadh. Cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa tréimhse. Ní dhearnadh aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ina raibh leas tairbheach ag baill na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.

2008

# AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## Tuarascáil Bhliantúil 2008

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

2008

## CLÁR ÁBHAR


| CLÁR ÁBHAR | LEATHANACH |
|---|---|
| **1.Réamhrá** | **4** |
| **2. Réamheolas** | **6** |
| **3. Clár na nGníomhaíochtaí 2008** | **12** |
| **4. Bunú an Choiste Fheidhmiúcháin** | **15** |
| **5. An Coimisiún um Shábháilteacht Othair agus Cháilíocht** | **17** |
| **Na Ráitis Airgeadais** | **19** |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 21 |
| Ráiteas ar an gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach | 23 |
| Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta | 25 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse | 26 |
| ón 1 Eanáir 2008 go dtí an 31 Nollaig 2008 | 27 |
| An Clár Comhardaithe don tréimhse ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2008 | 28 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 29 |
| **Aguisín** | **31** |
| Aguisín 1 Sceideal Tinrimh Bhall na Comhairle | 31 |
| Ballraíocht na nGrúpaí Oibre de Chuid na Comhairle | 32 |

# 1. Réamhrá

Is cúis mhór áthais dom é thar ceann na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an dara Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Comhairle a chur i láthair.

Chuir an Chomhairle próiseas fairsing comhairleoireachta agus pleanála di anuraidh agus chuir tús leis an chéad chéim den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 a chur i bhfeidhm. Ba faoin Acht seo a ceapadh an Chomhairle. Tá roinnt grúpaí oibre ina bhfuil baill aonair den gComhairle curtha ar bun chun comhairle agus treoir a chur ar fáil don gComhairle maidir le saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an eagraíocht agus a chaithfear a phlé chun a chinntiú gur féidir an tAcht a chur i bhfeidhm go héifeachtúil. Bhí na grúpaí seo ag obair as láimh a chéile lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ginny Hanrahan, Uas. ó chuaigh sí i mbun a poist i mí Bhealtaine 208. Thugadar tacaíocht di agus an chreat eagraíochtúil á chur le chéile aici a úsáidfidh an Chomhairle chun a gcuid feidhmeanna reachtúla a chur i gcrích.

Tá áthas ar an gComhairle a chur in iúl gur baineadh na spriocanna amach a chuir an Chomhairle ina Plean Gnó i gcomhair 2008. D'fhaomh an Chomhairle an Plean Gnó i gcomhair 2009 le déanaí agus is ann a glacadh le cinntí a d'fhógair an tAire Airgeadais ina Ráitis Buiséid i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus i mí Aibreáin 2009 sa mhéid a bhaineann siad le gníomhaíochtaí na Comhairle. Táimid ag leanúint ar aghaidh de réir an Phlean seo faoi láthair. Tá roinnt comórtas tairisceana críochnaithe cheana féin mar chuid den ullmhú d'oscailt na gClár, iad siúd i gcomhair seirbhísí comhairleacha dlí agus i gcomhair anailíse TF agus brandála corparáidí san áireamh.

De thoradh ar an méid dul chun cinn atá déanta againn go dtí seo bhí ar chumas na Comhairle a chur in iúl don Aire Sláinte agus Leanaí go bhfuilimid ullamh chun dhá Bhord Clárúcháin den dhá cheann déag atá riachtanach faoin Acht a cheapadh. Ciallaíonn ceapachán na mBord Clárúcháin i ndáiríre go bhfuilimid ag bogadh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile den bpróiseas, is é sin, na Cláir a oscailt do na gairmeacha lena mbaineann.

Tháinig roinnt athruithe ar an gComhairle i gcaitheamh 2008. Tháinig Mary O'Donnell, Uas. in ionad Caroline Casey, Uas. i mí Feabhra; i mí Bhealtaine tháinig Pat Quinlan, Uas. in ionad Kevin Jones agus i mí Mheithimh agus i mí na Samhna d'éirigh an tOllamh James Browne agus Bernie McNally as an gComhairle faoi seach. Ceapadh an tOllamh Browne mar Uachtarán ar Choláiste na hOllscoile, Gaillimh agus ceapadh Bernie McNally i bpost sinsearach in Oifig Fhear an Phobail.

Thar ceann na Comhairle ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill go léir atá ag imeacht uainn as an obair luachmhar atá déanta acu, go háirithe as an am agus as an iarracht a chuireadar le forbairt chreata eagraíochtúil na Comhairle.

Tá cóiríocht ag baill foirne na Comhairle in Oifigí an Bhoird Náisiúnta Cáilíochtaí d'Obair Shóisialta i Sráid an Rátha, eagraíocht a chumascfaidh leis an gComhairle go foirmiúil in am trátha de réir forálacha an Achta. Ba mhaith liom an deis a thapú chun buíochas a ghabháil leis an mBord agus a chuid baill foirne as a bheith chomh cabhrach, cúirtéiseach sin agus as comhoibriú linn agus sinne ag tabhairt faoinár gcuid oibre ar dtús.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom ár mbuíochas agus ár meas a chur in iúl thar ceann na Comhairle, don Aire Sláinte agus Leanaí agus dá Roinn, go háirithe d'Aonaid an Athchóirithe Shláinte, na TFC agus an Bheartas Pinsin, as ucht an mhisnithe agus na tacaíochta a thugadar dúinn ar feadh 2008 ar fad. Go háirithe, táimid buíoch de Shinead McEvoy, Uas, Comhairleoir Teiripe, agus de Simonetta Ryan, Príomhoifigeach, beirt a bhog ar aghaidh óna bpostanna sa Roinn i 2008. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil, leis, le Bernard Casey, Uas., Ard-Rúnaí Cúnta, le Deirdre Walsh, Príomhoifigeach agus le Paul Flanagan, Príomhoifigeach Cúnta. Táid seo ag tabhairt cúnaimh fhíorluachmhar don gComhairle i gcónaí.



Margaret Hayes
Cathaoirleach
Deireadh Fómhair 2009

## 2. Réamheolas

### Feidhm na Comhairle

2.1 Achtaíodh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 ar mhaithe le sábháilteacht an phobail trí cur ar chumas lucht gairme sláinte agus cúraim shóisialaigh cleachtadh i dtimpeallacht rialáilte rialaithe sábháilte; agus ar shlí go n-áirithítear go bhfuil idirghabhálacha d'ardchaighdeán á gcur ar fáil agus go bhfuiltear ag tabhairt aghaidhe ar na dúshláin a ghabhann le cúram agus le réimeanna teiripe na ndaoine a úsáideann an tseirbhís ag an am gcéanna. Cúram agus réimeanna is ea iad atá ag forbairt agus a bhfuil ag éirí níos casta de réir a chéile. Forálann an tAcht do chóras inar chóir go ndéanfaí éascaíocht do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chinntiú go gcleachtar an ghairm go freagrach agus go cuntasach agus iad ag féachaint le cúram agus seirbhís den scoth a thabhairt do na hothair.

2.2 Forálann tAcht do Chomhairle chun go bhfeidhmeoidh sí mar rialtóir reachtúil na ngairmithe ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ina n-áirítear iad seo a leanas atá sonraithe in Alt 4 den Acht:

| | |
|---|---|
| Bithcheimiceoirí cliniciúla | Ortoptaigh |
| Eolaithe Míochaine | Oibrithe Cúraim Shóisialaigh |
| Síceolaithe | Fisiteiripeoirí |
| Teiripeoirí Saothair | Radagrafaithe |
| Coslianna/Cleachtóirí Cosliachta | Teiripeoirí Urlabhartha agus Teanga |
| Diaitéitigh | Oibrithe Sóisialacha |

chomh maith le tuilleadh gairmeacha a d'fhéadfadh an tAire Sláinte agus Leanaí a chur le sceideal an Achta amach anseo. I ndiaidh Ráitis Bhuiséid a rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus i mí Aibreáin 2009 tá sé i gceist anois an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil agus Bord na Radharceolaithe a chumasc leis an gComhairle i 2011 de réir an sceidil. Rialaíonn an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil Teicneoirí Míochaine Éigeandála, Oibrithe Paraimhíochaine, Ardoibrithe Paraimhíochaine agus rialaíonn Bord na Radharceolaithe Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáiliúcháin. Tá an Bord Náisiúnta Cáilíochtaí d'Obair Shóisialta sceidealaithe cheana féin faoin Acht 2005 mar eagraíocht a cumascfar leis an gComhairle a luaithe a mbeidh an creat dlíthiúil atá ag teastáil réidh. Táthar ag obair air seo sa Roinn cheana féin.

2.3 Tugadh an chuspóir reachtúil seo a leanas don gComhairle:
*"An pobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil d'ardchaighdeán a chur chun cinn i measc cláraithe na ngairmeacha ainmnithe" (Alt 7 den Acht).*

**Ballraíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

2.4 I mí na Márta 2007 cheap an tAire Sláinte agus Leanaí Comhairle ina bhfuil 25 baill, is é sin, Cathaoirleach agus 24 baill. Ba é seo an chéad chéim mhór i bhfeidhmiú an Achta. Bhí ballraíocht na Comhairle sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo mar a leanas:

**Chathaoirleach**

- Margaret Hayes, Uas. Tháinig sí in ionad Finbarr Flood, Uas. mar Chathaoirleach i mí na Samhna 2007.

**Ionadaithe ón 12 Ghairm**

- An Dr. John O'Mullane *(Bithcheimiceoirí Cliniciúla)*
- Margaret Doyle, Uas. *(Diaitéitigh)*
- Jacqui Barry-O'Crowley *(Eolaithe Míochaine)*
- An Dr. Elizabeth Anne McKay *(Teiripeoirí Saothair)*
- Nanno Fitzsimons, Uas. *(Ortoptaigh)*
- Jill Long, Uas. *(Fisiteiripeoirí)*
- Patricia Godwin, Uas. *(Coslianna/Cleachtóirí Cosliachta)*
- An Dr. Mitchel J. Fleming *(Síceolaithe)*
- An Dr. Mark McEntee *(Radagrafaithe)*
- Monica Egan, Uas. *(Oibrithe Sóisialacha)*
- David Power, Uas. *(Oibrithe Cúraim Shóisialaigh)*
- Una O'Shiel, Uas. *(Teiripeoirí Urlabhartha agus Teanga)*

**Ainmnithe an Aire (3)**

- Joan Freeman, Uas.
- Bernie McNally, Uas. (D'éirigh as i mí na Samhna 2008, níor tháinig aoinne ina hionad)
- Tom Jordan, Uas.

**Ionadaithe ó Bhainistíocht Seirbhísí Sláinte Phoiblí agus Phríobháideach/Dheonach**

Elva Gannon, Uas.
Tony Darmody

**Ionadaí Oideachais (1)**

An tOllamh James Browne (d'éirigh as i mí an Mheithimh '08, níor tháinig aoinne ina ionad)

**Ionadaithe ón nGnáthphobal (6)**

Vincent McCabe, Uas.
An tOllamh Denis A. Cusack
Michael O'Halloran, Uas.
Pat Quinlan, Uas. (tháinig isteach i mí Mheithimh 2008 in ionad K. Jones, Uas.)
Mary O'Donnell, Uas. (tháinig isteach i mí Feabhra 2008 in ionad C. Casey, Uas.)
Joan Johnson, Uas.



**Chathaoirleach**
Ms Margaret Hayes

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
Ms Ginny Hanrahan



## Comhaltaí na Comhairle



Dr John O'Mullane



Ms Margaret Doyle



Ms Jacqui Barry-O'Crowley



Ms Jill Long



Dr Elizabeth Anne McKay



Ms Nanno Fitzsimons



Ms Patricia Godwin



Dr Mitchel J Fleming



Ms Monica Egan



Mr David Power



Dr Mark McEntee



Ms Una O'Shiel

## Comhaltaí na Comhairle



Ms Joan Freeman


Mr Tom Jordan


Mr Tony Darmody


Professor James Browne


Mr Vincent McCabe


Professor Denis A Cusack


Mrs Joan Johnson


Mr Pat Quinlan

Ms Bernie McNally

Ms Mary O'Donnell

Mr Michael O'Halloran

Ms Elva Gannon

2.5 Bhí seacht gcruinnithe ag an gComhairle i 2008. Tá formhór na mball ag fónamh i ngrúpaí oibre na Comhairle, chomh maith (féach leat Aguisín1, chun tuilleadh sonraí a fháil). Bhí an Dr. John O'Mullane sásta feidhmiú mar ainmní na Comhairle chuig Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn le héifeacht ó mhí Aibreáin 2008.

2.6 Feidhmeanna na Comhairle

- *(a) maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mbord clárúcháin,*
- *(b) tacaíocht ó thaobh riaracháin de agus cabhair rúnaíochta a chur ar fáil do bhoird chlárúcháin agus dá gcomhairlí,*
- *(c) iarratais a fháil agus cinntí a ghlacadh má dhiúltaíonn boird chlárúcháin clárú a cheadú nó a thabhairt ar ais,*
- *(d) caighdeáin cleachtais a fhorghníomhú i leith cláraithe na ngairmeacha ainmnithe ina n-áirítear na cóid um iompar proifisiúnta agus eitic a bhfuil glactha leo ag na boird chlárúcháin,*
- *(e) Maoirseacht a dhéanamh ar choistí fiosrúcháin chun fiosrú a dhéanamh ar ghearáin a mhínítear i gCuid 6 den Acht i gcoinne cláraithe na ngairmeacha ainmnithe,*
- *(f) cinntí a ghlacadh agus treoracha a thabhairt faoi Chuid 6 maidir le bearta araíonachta a chur i bhfeidhm i gcoinne cláraithe na ngairmeacha ainmnithe,*
- *(g) comhairle a chur ar an Aire, uaidh féin nó ar iarraidh ón Aire, i dtaobh gach gnó a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle faoin Acht seo,*
- *(h) boird chlárúcháin a spreagadh chun comhoibriú lena chéile nuair is indéanta é, rud lena n-áirítear oideachas agus oiliúint gairme na gcláraithe,*
- *(i) treoirlínte measúnachta a eisiúint chun críocha ailt 91 – gairmeacha atá ann cheana a chlárú mar thosach laistigh de na gairmeacha ainmnithe chun na cláir a oscailt agus le linn na tréimhse eatramhaí, agus*
- *(j) feidhm ar bith a chomhlíonadh a d'fhéadfadh an tAire a shannadh don gComhairle agus a bhaineann le cláraithe cinn ar bith de na gairmeacha ainmnithe, a gcuid oideachais agus oiliúna agus cleachtadh na gairme,*
  *nó*
  *cur i ngnímh treorach nó rialacháin ar bith de chuid Comhairle an Aontais Eorpaigh i ndáil le cleachtas cúraim shláinte nó cúraim shóisialaigh agus na ndaoine atá gníomhach iontu.*
- *(k) Tá de chumhacht ag an gComhairle rud ar bith a dhéanamh atá, ina tuairim, riachtanach nó tairbheach do chomhlíonadh a feidhmeanna faoin Acht seo nó a ghabhann leis, agus rud ar bith chun comhlíonadh na bhfeidhmeanna seo a éascú*

## Ról agus Feidhm na mBord Clárúcháin

2.7 Forálann an tAcht go ndéanfaí Boird Chlárúcháin a cheapadh le haghaidh gach ceann de na gairmeacha atá ainmnithe faoin reachtaíocht. Beidh gach Bord Clárúcháin ina chomhlacht chorpraithe a bhfuil comharbas suthain agus séala aige agus beidh cumhacht agartha aige agus beidh sé inagartha faoina ainm chorparáideach. De réir an Achta éilítear go gcaithfidh trí bhall déag a bheith ar gach Bord, is é sin, seisear ón ngairm atá le clárú: oiliúnaí amháin, beirt bhainisteoirí agus triúr cleachtóirí, chomh maith le mórsheisear atá ina mbaill thuata. Orthu seo áirítear an cathaoirleach agus ionadaithe ó bhainistíocht in earnáil phoiblí na sláinte/an chúraim shóisialaigh; ó bhainistíocht in earnáil phríobháideach/dheonach na sláinte nó an chúraim shóisialaigh, ionadaí ón tríú leibhéil agus ceathrar a dhéanann ionadaíocht ar an ngnáthphobal. Is é an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a ainmneoidh iad seo. Is iad seo a leanas feidhmeanna an Bhoird Chlárúcháin:

- *clár ball na ngairmeacha ainmnithe a chur ar bun agus a choinneáil*
- *teastais chlárúcháin a thabhairt amach*
- *treoir a thabhairt do chláraithe maidir le hiompar eiticiúil agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le cleachtadh na gairme ainmnithe agus maidir le forbairt ghairmiúil leantach,*
- *monatóireacht a dhéanamh de réir an Achta, d'fhonn a chinntiú go bhfuil na cláir atá faofa ag an bord ag leanúint de bheith oiriúnach d'oideachas agus d'oiliúint na n-iarratasóirí ar chlárúchán, agus*
- *moltaí a dhéanamh faoi Chuid 6 den Acht "Gearáin, Fiosrúcháin agus Araíonacht" maidir le smachtbhannaí a ghearrfaí ar chláraithe na ngairmeacha ainmnithe.*
  *(Alt den Acht)*



2.8 Chuir an Chomhairle in iúl don Aire ní ba luaithe i mbliana go ndearnadh socruithe chun leanúint ar aghaidh le ceapachán an chéad dhá Bhord Clárúcháin agus mhol gur do ghairmeacha an Oibrí Shóisialaigh agus an Fhisiteiripeora a bheidís. Tá próiseas comhairliúcháin á chríochnú ag an Roinn leis na comhlachtaí lena mbaineann faoi láthair. Táthar ag féachaint ar ainmnithe don Aire maidir le hiad a cheapadh.

2.9 Tá de chumhacht ag Bord Clárúchán, ón uair go bhfuil sé ceaptha, rud ar bith a dhéanamh a mheasann sé a bheith riachtanach nó tairbheach do comhlíonadh a chuid feidhmeanna faoin Acht seo nó a bhaineann leis, nó rud ar bith chun comhlíonadh a chuid feidhmeanna a éascú. Is féidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh ach faomhadh a fháil ón gComhairle

*(a)* *a bheith gníomhach i dtaighde san oideachas agus san oiliúint a bhaineann le cleachtadh na gairme ainmnithe lena n-áirítear go bhféadann sé curaclaim thrialacha a chumadh agus cláir agus nósanna imeachta scrúdaithe agus measúnachta atá ann cheana a mheas, agus*
*(b)* *taifid staitistiúla a choinneáil agus na taifid seo a chur ar fáil i gcomhair taighde agus pleanála.*

2.10 Tá freagracht reachtúil ar na Boird faoi Alt 27 den Acht:

*"an pobal a chosaint trí iompar proifisiúnta agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht gairme d'ardchaighdeán a chur chun cinn i measc cláraithe na gairme sin"*

agus

*"gach dá bhfuil riachtanach agus réasúnta a dhéanamh chun a chuspóir a chur chun cinn agus feidhmeoidh sé a chuid cumhachtaí agus comhlíonfaidh a chuid feidhmeanna ar mhaithe le leas an phobail".*

## 3. Clár Gníomhaíochtaí na Comhairle le linn 2008

3.1 Chur an Chomhairle sé cinn de Ghrúpaí Oibre ar bun san iomlán chun comhairle agus treoir a chur ar fáil ar an tslí is fearr ina bhféadfaí tabhairt faoi na gnéithe seo a leanas d'fhorbairt chreata eagraíochtúil a chuirfeadh ar chumas na Comhairle a cuid feidhmeanna faoin Acht a chur i ngníomh chomh éifeachtach éifeachtúil agus is féidir:

1) Rialachas
2) Airgeadas
3) Post an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin
4) Clárú
5) Oideachas agus Oiliúint
6) Oiriúnacht chun Cleachtaidh

Bhí clár gníomhaíochtaí na bliana seo caite dírithe go mór mór ar obair na nGrúpaí seo. Cuireann a gcuid tuarascálacha teimpléad ar fáil dár gCoiste Feidhmiúcháin agus sinne ag dul ar aghaidh le forfheidhmiú an Achta. Beidh obair na nGrúpaí seo mar fhoinse cabhrach fhíor-áisiúil ag na Boird Chlárúcháin a luaithe a bheidh siad ceaptha., go háirithe an obair maidir le Clárú, Oideachas agus Oiliúint agus an obair a rinneadh maidir le Oiriúnacht chun Cleachtaidh.

## Grúpaí Oibre na Comhairle

### RIALACHAS

3.1 Ba iad téarmaí tagartha an Ghrúpa seo ná:

- Saincheisteanna maidir le rialachas a aithint mar a éilítear faoin Acht
- Saincheisteanna ábhartha a aithint a chaithfidh an Chomhairle a phlé
- Dréacht de chreat rialachais a chur le chéile

Ba iad seo na baill: Tom Jordan, Uas. (Comhordaitheoir), Elva Gannon, Uas. Michael I'Halloran, Uas., Patricia Godwin, Uas. agus an Dr. John O'Mullane.

Bhí sé cruinnithe ag an nGrúpa Oibre i gcaitheamh na bliana agus d'ullmhaigh sé dréacht oibre dar teideal "Governance Framework for Health and Social Care Professionals (Code of Practice)" ("Creatbheart um Rialachas le haghaidh na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, (Cód Cleachtais))" . I ndiaidh dó aiseolas ón POF agus ó bhaill den gComhairle a fháil tá an dréacht deiridh á chríochnú ag an nGrúpa anois agus tá súil ag na baill go mbeidh an leagan deiridh ullamh acu chun go mbreithneoidh an Chomhairle é roimh dheireadh 2009.

### AIRGEADAS

3.2 Ba iad téarmaí tagartha an Ghrúpa ná:

- Riachtanas sonrach ar bith faoi Acht a aithint
- Meastachán a dhéanamh ar chistiú atá ag teastáil agus ar leibhéal ionchasach táillí

- Na struchtúir airgeadais a leagan amach (cuntais bhainc/nósanna imeachta iniúchóireachta)
- Caiteachas ar dóigh dó a bheith ann agus an próiseas chun cistí a tharraingt anuas a leagan amach

Ba iad seo na baill: Vincent McCabe, Uas. (Comhordaitheoir), Tony Darmody, Uas., Bernie McNally, Uas. (go dtí mí na Samhna '08), Pat Quinlan, Uas. (ó Mheitheamh 2008), An Dr. Elizabeth-Anne McKay, Nanno Fitzsimons, Uas., Jacqui Barry-O'Crowley, Uas. agus an Dr Mitchel J. Fleming.

Bhí cúig cruinnithe ag an nGrúpa i 2008 agus bhí sé ag obair as láimh a chéile leis an bPOF ón uair gur ceapadh sí i mí Bhealtaine 2008.

Thug an POF faoi eagrú na bpróiseas tairisceana i gcomhair seirbhísí comhairleoireachta dlí agus brandála corparáidí sa dara leath de 2008 i ndiaidh don gComhairle féachaint ar mholtaí sonracha a rinne an Grúpa seo agus cinneadh a dhéanamh orthu. Rinne an Grúpa moltaí don gComhairle chomh maith. Cuireadh san áireamh iad nuair a bhíothas ag socrú Plean Ghnó na bliana 2008 agus maidir leis an mbuiséad agus an bPlean Seirbhíse do 2009.

POST AN PHRÍOMHOIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

3.3 Ba iad na téarmaí tagartha a tugadh don nGrúpa seo ná:

- Duine agus sonraí poist do phost an POF a ullmhú
- Próiseas earcaíochta agus creat ama ina gcríochnaítear an próiseas a mholadh

Ba iad seo na baill: Elva Gannon, Uas. (Comhordaitheoir), Bernie McNally, Uas., An tOllamh Denis A Cusack, Kevin F. Jones, Uas., Tom Jordan, Uas., Margaret Hayes, Uas.

I ndiaidh don nGrúpa Oibre a chuid tátal a chur isteach chinn an Chomhairle ar iarraidh ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas earcaíochta a chur i gcrích. Dá thoradh sin fógraíodh an post i mí na Samhna 2007. Reáchtáladh na agallaimh le linn na seachtaine deiridh de mhí Eanáir 2008. Tairgeadh an post do Virginia (Ginny) Hanrahan, Uas. agus ghlac sí leis. Chuaigh sí i mbun a cuid dualgas ar an 12ú Bealtaine 2008.

**CLÁRÚ**

3.4. Ba iad na téarmaí tagartha a tugadh don nGrúpa Oibre seo ná:

- Na saincheisteanna a bhaineann leis an gComhairle a aithint
- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir leis na nithe a chaithfear a chur chun cinn chun gur féidir clárú
- Dréachtphlean gnímh a chur le chéile chun ullmhú i gcomhair clárúcháin

Ba iad seo baill an Ghrúpa: An Dr. Mark McEntee (Comhordaitheoir), Margaret Doyle, Uas., Nanno Fitzsimons, Uas., An Dr. Mitchel J. Fleming, Patricia Godwin, Uas., Jill Long, Uas., Vincent McCabe, Uas., Michael O'Hallrohan, Uas., David Power, Uas., An Dr. John Mullane, Jacqui Barry-O'Crowley, Uas

Bhí seacht gcinn de chruinnithe ag an nGrúpa Oibre i 2008 agus chuir sé isteach leagan imlíneach d'Fhoirm Iarratais do chláraithe mar aon le nota treorach a ghabhann léi chun go bhféachfadh an Chomhairle orthu. Tá athbhreithniú déanta ó shin ar na doiciméid ag comhairleoirí dlí a bhí ceaptha ag an gComhairle go sonrach

chuige seo, is é sin, gnólacht Dlíodóirí Dominic Dowling. Tá doiciméad an Ghrúpa ullamh anois chun é a chur isteach chuig na Boird Chlárúcháin aonair chun go bhféachfaidís air i gcomhthéacs dálaí gach gairme ar leith a luaithe a bheidh na Boird sin curtha ar bun.

### OILIÚINT AGUS OIDEACHAS

3.5 Ba iad na téarmaí tagartha a bhí ag an nGrúpa seo ná:

- Breac-chuntas a thabhairt ar riachtanais shonracha faoin Acht maidir le hoideachas agus oiliúint
- Na ceisteanna i dtaobh oideachais a aithint chun críocha cláraithe, bailíochtú cúrsaí san áireamh
- Eolas a thabhairt don gComhairle faoin tslí ar chóir di déileáil le ceist na Forbartha Gairmiúla Leantaí.

Ba iad seo a leanas na baill: An Dr. Elizabeth Anne McKay (Comhordaitheoir), Joan Johnson, Uas., Bernie McNally, Uas., Monica Egan, Uas., Margaret Doyle, Uas., Una O'Shiel, Uas. agus an Dr. Mark McEntee. Ba mhór an cúnamh a thug Eilís Walsh ón mBord Náisiúnta Cáilíochtaí d'Obair Shóisialta agus Sinéad McEvoy ón Roinn Sláinte agus Leanaí don nGrúpa Oibre. D'éirigh Sinéad McEvoy a post i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Bhí trí cruinnithe ag an ngrúpa seo i 2008 agus chuir sé dréachtchaighdeáin le haghaidh oideachais agus oiliúna agus le haghaidh inniúlachta faoi bhráid na Comhairle i mí Bhealtaine 2008. Chuir an Chomhairle an doiciméad ar aghaidh chuig ár gcomhairleoirí dlí, is é sin, na Dlíodóirí Dominic Dowling, chun go ndéanfaidís athbhreithniú air chuige sin. Tá doiciméad an ghrúpa ullamh anois agus is féidir é a chur faoi bhráid na mBord Clárúcháin ar leith i gcomhair a bhreithnithe i gcomhthéacs na ndálaí a ghabhann le gach gairm a luaithe a bheidh na boird seo curtha ar bun.

### OIRIÚNACHT CHUN CLEACHTAIDH

3.6 Ba iad na téarmaí tagartha a tugadh don nGrúpa seo ná:

- Breac-chuntas a thabhairt ar ghnéithe an chreata um Oiriúnacht chun Cleachtaidh de réir mar a foráiltear dó san Acht
- Na saincheisteanna a bhaineann leis an gComhairle a aithint

Ba iad seo na baill: Jill Long, Uas. (Comhordaitheoir), Joan Freeman, Uas., David Power, Uas., An tOllamh Denis A. Cusack, Monica Egan, Uas. agus Tony Darmody, Uas.

Bhí dhá chruinniú ag an gcoiste um Oiriúnacht chun Cleachtaidh i 2008. Chríochnaigh sé dréacht de dhoiciméad creata um oiriúnacht chun cleachtaidh agus mhol rialacha ginearálta i gcomhair iompair phroifisiúnta (Cód Eitice agus Caighdeáin um Feidhmíocht agus Iompar) a chuir an Chomhairle ar aghaidh chuig na comhairleoirí dlí thuasluaite i mí Bhealtaine 2008, chun go ndéanfaí athbhreithniú orthu.

Thug an ball den gComhairle agus den nGrúpa Oibre, an Bhean Uasal Long agus an POF cuairt ar Chomhairle Gairmithe Sláinte an Ríochta Aontaithe i mí na Nollag 2008 mar chuid de chlár an Ghrúpa Oibre chun eolas a chur ar na córais agus na próisis atá i bhfeidhm sa dlínse sin agus chun tuairisc a thabhairt don nGrúpa i ndiaidh sin.

## 4. Bunú Coiste Feidhmiúcháin na Comhairle

4.1 Bhí Margaret Hayes sásta feidhmiú mar Chathaoirleach Feidhmiúcháin ó mhí na Samhna 2007 amach agus rinne sí maoirseacht ar phróiseas earcaíochta an POF a reáchtáladh de réir moltaí a rinne Grúpa Oibre na Comhairle agus mar a ghlac an Chomhairle leo. Roghnaigh an tSeirbhís um Cheapachán Poiblí Virginia (Ginny) Hanrahan mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. D'fháiltigh an Chomhairle roimh an rogha sin agus chinn ar an post a thairiscint di. Ceapadh go foirmiúil í agus chuaigh i mbun a cuid oibre ar an 12ú Bealtaine 2008. Thosaigh Gail Ferguson, Uas. ag obair i gcomhar léi mar Bhainisteoir Oifige ar an 30ú Meitheamh.

4.2 Rinneadh ullmhú i gcomhair glaonna ar thairiscintí ó sheirbhísí comhairleoireachta éagsúla, is é sin, seirbhísí comhairleoireachta dlí, brandála agus anailíse TF, ar feadh 2008 sa tslí gur féadadh na comórtais ábhartha a chríochnú sa chéad leath de 2009.

4.3 Idir an dá linn cuireadh moltaí i dtaobh Scéim Phinisin de chuid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Airgeadais lena bhfaomhadh i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Seirbhísí Pinsin na nÚdarás Poiblí. Cuireadh scéim na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar liosta aistrithe na seirbhíse poiblí agus tá sé ullamh anois chun dul ar liosta scéim aistrithe de chuid an rialtais áitiúil agus chun clárú leis an mBord Pinsean.

4.4 Mar chríoch, thoiligh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta an chóiríocht atá acu faoi láthair a roinnt leis an gComhairle agus dá bhrí sin ba mhaith leis an gComhairle a buíochas agus a meas a chur in iúl don mBord go foirmiúil, go háirithe d'Eilís Walsh, stiúrthóir, agus dá foireann, as ucht fáilte ó chroí a chur roimh fhoireann na Comhairle ann.

### Naisc a bhunú le Rialtóirí Sláinte eile

4.5 Thug an POF faoi naisc oibre a chruthú le rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh eile in Éirinn díreach i ndiaidh di a bheith ceaptha. I measc na n-eagraíochtaí atá i gceist tá an Bord Altranais, Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn, agus Cumann Cógasaíochta na hÉireann. Gaibhníodh naisc láidre, leis, le Comhairle na nGairmithe Leighis san RA, eagraíocht atá mar rialtóir ar 9 gcinn den 12 ghairm atá ainmnithe in Acht na bliana 2005 agus tá an 10ú ceann ar tí teacht faoina chúram i 2009 (Síceolaíocht). Rinne an POF naisc gan mhoill leis an gComhairle um Chúram Sóisialaigh i dTuaisceart Éireann. Is í seo an eagraíocht atá freagrach as clárú oibrithe Sóisialacha agus oibrithe Cúraim Shóisialaigh sa Tuaisceart. Is mian leis an gComhairle aitheantas a thabhairt sa Tuarascáil Bhliantúil don gcúnamh agus don tacaíocht a thug na rialtóirí reachtúla áirithe seo chomh maith leis na rialtóirí reachtúla go léir ar dhearnamar teagmháil leo. Roinneadar a gcuid faisnéise agus saineolais go fial flaithiúil leis an gComhairle agus lenár gcoiste feidhmiúcháin.

4.6 Tugadh cuireadh dár bPOF teacht isteach ar Fhóram na Rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a bunaíodh i 2008 agus a bhfuil an Dr. Tracey Cooper, POF na heagraíochta um Faisnéisíocht agus Dhearbhú Cáilíochta Sláinte mar chathaoirleach air. Tá 14 bhall ag an bhfóram ar a n-áirítear an Bord

Altranais, Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn, Cumann Cógasaíochta na hÉireann, an Chomhairle um Chúram Éigeandála Réamh-Ospidéil, Bord na Radharceolaithe, an Chomhairle Fiaclóireachta, an Eagraíocht um Faisnéisíocht agus Dhearbhú Cáilíochta Sláinte, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Comhairle na dTréadlianna in Éirinn, an tÚdarás um Shábháilteacht Bia in Éirinn, an Coimisiún um Shláinte Mheabhrach, an Institiúid na hÉireann um Chosaint ar Radaíocht, Bord Leigheasra na hÉireann agus an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh. Tá roinnt meitheal oibre ag na bhFóram faoi láthair atá ag fiosrú slí ina bhféadann rialtóirí obair níos dlúithe i gcomhar a chéile ar mhaithe le feabhas a chur ar chosaint an phobail.

D’ainmnigh an Chomhairle David Power, Uas. go nglacfadh sé páirt i athbhreithniú ar chaighdeáin cúrsaí oiliúna i gCúram Sóisialach a dhéanfaidh Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna i dtreo go bhforbrófar caighdeáin náisiúnta ar fud na tíre.

4.7 Mar a rinne sí roimhe thug an POF aghaidh ar roinnt cruinnithe láithreach i ndiaidh di a bheith ceaptha, le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do na gairmeacha ainmnithe faoin Acht chun go bhféadfadh sí eolas níos fearr a thabhairt dóibh ar dhul chun cinn.

4.8 I mí Aibreáin 2008 cuireadh an Chomhairle ar liosta an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon an Chomhairle gach riachtanas faoi Acht i 2008.

## 5. An Coimisiún um Shábháilteacht Othair agus Cháilíocht

**5.1.** Tháinig tuarascáil an Choimisiúin dar teideal **"Building a Culture of Patient Safety"** ("Cultúr Sábháilteachta Othair a chothú") amach i mí Iúil 2008. Ba í an Dr. Deirdre Madden, léachtóir de dlí i gColáiste Ollscoile Chorcaí agus cathaoirleach ar fhochoiste um Chaighdeáin i gCleachtas de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an cathaoirleach a bhí ar an gcoiste. Áiríodh iad seo a leanas ar na téarmaí tagartha:

- *"córas ceannaireachta do chliniceoirí agus do bhainisteoirí a thacódh le cuntasacht corparáideach láidir i leith feidhmíochta institiúidí agus cliniciúla*
- *córas reachtúil ceadúnaithe do sholáthraithe cúraim shláinte poiblí agus príobháideacha ar aon*
- *próiseas dearbhú cáilíochta i gcomhair seirbhísí cliniciúla (agus béim á cur ar thorthaí cliniciúla) do sholáthraithe poiblí agus príobháideacha agus do sheirbhísí poiblí agus príobháideacha an chúraim shláinte*
- *nósanna imeachta do ghairmithe cúraim shláinte agus do bhainisteoirí chun priacail a réamh-mheas agus chun dea-fheidhmíocht a chur chun cinn trí bheith éifeachtach i dtaobh priacail a aithint agus i dtaobh neastimpistí agus teagmhais dhíobhálacha a thuairisciú*
- *go mbeidh othair, cúramóirí agus daoine foirne tacaíochta rannpháirteach nuair a pléitear pleanáil seirbhísí sláinte agus cáilíocht an chúraim a fuarthas le soláthraithe cúraim shláinte*
- *go mbeidh gach duine foirne cúraim shláinte rannpháirteach i gcláir iniúchóireachta a bhfuil de chuspóir acu a áirithiú go bhfeabhsófar an cháilíocht agus ndéanfar anailís éifeachtach ar threochtaí i dteagmhais dhíobhálacha chliniciúla, ar ghearáin, ar fhrithghníomhartha díobhálacha in aghaidh drugaí agus ar theagmhais dhíobhálacha le gléasanna míochaine agus go leatar iad*
- *acmhainní chun a áirithiú go dtacófar le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise agus go gcuirfear i ngníomh é mar ghnáthamh i gcleachtas laethúil*
- *rialachas ar eagraíochtaí rialála sa chóras sláinte agus caíonna inar féidir comhtháthú éifeachtach a chur chun cinn idir na heagraíochtaí éagsúla."*

Ó thaobh na Comhairle de tagann na hathruithe díreacha ó na moltaí maidir leis an gcóras rialúcháin do gach soláthraí cúraim shláinte agus cúraim shóisialaigh. I measc na moltaí a mbeidh tionchar acu ar an tslí ina n-oibreoidh an Chomhairle san am atá romhainn tá:

- *"go mbeidh rialtóirí gairmithe sláinte ag obair i gcomhar a chéile ar réimsí comhleasa*
- *ag forbairt tuisceana comhroinnte ar chaighdeáin ghairmiúla atá ag gach eagraíocht i gcoiteann.*
- *tacú le hoideachas & le hoiliúint a bhaineann le gairmithe atá ag obair i bhfoirne ildhisciplíneacha"*

De réir na tuarascála ní mór do rialtóirí gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh::

- Túsphointe teagmhála a fhorbairt le haghaidh ceisteanna a bheadh ag othair (lucht úsáide na seirbhíse) maidir le cúram (cliniciúil),

- An fiosrú tosaigh ar ghearáin a láimhseáil – úsáid a bhaint as an ngnáthchreat le haghaidh

2008

cásanna a phlé agus iniúchadh a dhéanamh orthu i dtreo go n-áirithítear feidhmíocht

- Próisis um Oiriúnacht chun Cleachtaidh – athbhreithniú le déanamh air – ach ní mór deighilt níos mó a bheith ann idir fheidhm fhiosraithe agus fheidhm bhreithnithe

- Painéil oilte i gcomhair Oiriúnachta chun Cleachtaidh a ceapadh go neamhspleách

- Ba chóir soláthraithe cúraim shláinte nach bhfuil clúdaithe faoi láthair a aithint agus a bhreithniú maidir lena rialú faoin gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.

- Ba chóir go gcuimhneodh an Roinn Sláinte agus Leanaí ar rialú de shórt éigin a chur i bhfeidhm i leith cleachtóirí míochaine malartaí nach bhfuil oiliúint leighis orthu agus go bhféadfadh a gcuid cóireanna leighis a bheith contúirteach nó othair a chur i mbaol. Bunachar sonraí amháin ina gcoinnítear cáilíochtaí an ghairmí shláinte, stádas clárúcháin agus cuntas teiste.

- Go scaipfí fógraí foláirimh i measc fostóirí más rud é go bhféadfadh fostaí a bheith baolach d'othair

- Grúpa Stiúrtha um Forfheidhmiú chun tuairisciú don Aire maidir le 134 moltaí

- cúig cinn d'fhoghrúpaí a bhfuil lucht leasa rannpháirteach iontu: Abhcóideacht, Eagraíochtaí Rialála Gairmiúla, Tuairisciú ar Theagmhais Dhíobhálacha, Iniúchóireacht agus Bronnadh Teistiméireachtaí

- Go mbreithníodh an Rialtas é i mí Dheireadh Fómhair 2008

- Creat ama 12 go 18 mí maidir leis an nGrúpa Stiúrtha um Forfheidhmiú a gus maidir leis na foghrúpaí"

Beidh an Chomhairle ag obair leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an scéal seo. Beidh an Dr Tony Holohan, Príomhoifigeach Leighis, i gceannas ar an nGrúpa Stiúrtha um Forfheidhmiú agus ar an bpróiseas.

# RÁITIS AIRGEADAIS BHLIANTÚLA

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
## 31 NOLLAIG 2008

An Chomhairle Um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## Clár Ábhar

| | Leathanach |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 21 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 23 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle | 25 |
| Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta | 26 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 27 |
| An Clár Comhardaithe | 28 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 29 |

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CHUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005.

Sna ráitis airgeadais cuimsítear an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus nótaí a bhaineann leo. Ullmhaíodh iad de réir na mbeartas cuntasaíochta atá sonraithe iontu.

## FREAGRACHTAÍ FAOI SEACH NA COMHAIRLE AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá an Chomhairle freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 agus as rialtacht na n-idirbheart áirithiú. Ullmhaíonn an Chomhairle na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá na freagrachtaí cuntasaíochta atá ar Bhaill na Comhairle sonraithe sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Baill na Comhairle.

Tá dualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheangaltas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé acu, an dtugann na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cóir de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn nó nach dtugann. Tuairiscím chomh maith cibé acu, ar coinníodh leabhair chuntais chuí nó nár coinníodh i mo thuairim. Lena chois sin, dearbhaím cibé acu, an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais nó nach dtagann.

Tuairiscím aon chás ábhartha murar úsáideadh airgead chun na gcríocha dá raibh sé ceaptha, nó mura bhfuil na hidirbhearta ag réiteach leis na húdaráis atá á rialú.

Tuairiscím leis, mura bhfuil an t-eolas agus na mínithe go léir faighte agam atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Athbhreithním cibé acu, an léiríonn nó nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit agus tuairiscím cás ábhartha ar bith mura bhfuil sí ag déanamh amhlaidh nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó gan a bheith ag teacht le heolas eile atá agam ón iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais. Níl orm breathnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil gach priacal agus gach rialú clúdaithe san Ráiteas ar Rialú Airgeadais

Inmheánach nó nach bhfuil, agus níl orm tuairim a cheapadh ar éifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

## BUNÚS NA TUAIRIME INIÚCHÓIREACHTA

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste rinne mé iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí tagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna, le heolas a nochtar agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnú ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnú le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Comhairle, ar feidhmíodh na beartais sin ar shlí sheasmhach agus ar nochtadh go cuí iad.



Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh i dtreo go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán, chomh maith.

## TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas atá fíor agus cóir, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Comhairle ag 31 Nollaig 2008 agus ar a hioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Chomhairle leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
4ú Samhain 2009

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

**1.** Thar ceann baill na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh admhaím go bhfuil d'fhreagracht orainn a áirithiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú aigreadais inmheánach. Is féidir leis an gcóras um rialú airgeadais inmheánach deimhnitheacht réasúnta, ach ní deimhnitheacht iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní arna gcosaint, go bhfuil idirbhearta arna údarú agus arna dtaifeadadh i gceart agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha, é sin, nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

**2.** Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a áirithiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir,
- Glacadh leis na bunrialacha rialachais chorparáidigh atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit, lena n-áirítear
  - Dearbhú go gcloítear leis na treoracha um sholáthar de réir mar a sonraítear sa Chód
  - Dearbhú go ndéantar de réir diúscairt sócmhainní agus teacht ar shócmhainní ag tríú páirtithe de réir mar a sonraítear sa Chód.
  - Dearbhú go gcuirtear beartas Rialtais i bhfeidhm maidir le luach saothair an POF
- Nósanna imeachta foirmeálta a chur ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a cuid sócmhainní a chosaint.

Bhíodh cúrsaí airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh á mbainistiú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí go mí Iúil 2008, tráth gur oscail an Chomhairle a céad chuntas bainc i ndiaidh di a céad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh. Ullmhaíodh buiséad i gcomhair 2008 agus d'fhaomh an Chomhairle tar éis don gCoiste Airgeadais é a mholadh di i mí Mheithimh 2008. Thug an Roinn Sláinte agus Leanaí teimpléid don gComhairle chun go bhféadfaí córais airgeadais a chur ar bun agus cuireadh comhairle airgeadais ar fáil ón taobh amuigh maidir leis an gceathrú dheiridh de 2008. Idir an dá linn úsáideadh soláthraithe lasmuigh chun an párolla a bhainistiú. Thug an fhoireann tuarascálacha go rialta don gcoiste Airgeadais agus thug sé seo moltaí don gComhairle maidir le húsáid cistí a bhí le faomhadh.

Cuirfear Coiste Iniúchóireachta ar bun i 2009. Ba é an Coiste Airgeadais a rinne monatóireacht na Comhairle agus a athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach sa chéad ásc agus fuair sé cabhair ó chuideachta cuntasóirí ón taobh amuigh, ó Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Comhairle, duine atá freagrach i bhforbairt agus i gcothabháil chreatlach na rialuithe airgeadais agus ó thuairimí a léirigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina thuarascáil, de réir mar ba chuí. Bhí Cuntasóir Cairte mar chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais i 2007 agus i 2008.

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH (AR LEANÚINT)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

3. Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Dearbhaím go bhfuil athbhreithniú déanta ag an gCoiste Airgeadais thar ceann na Comhairle, ar éifeachtacht an chórais um rialú airgeadais inmheánach don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2008.

| | |
|---|---|
| Margaret Hayes | 15/10/09 |
| Cathaoirleach na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh | Dáta |

## AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005.

Eagraíocht reachtúil is ea í a bhfuil de chúram uirthi a chinntiú go bhfuil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ag cleachtadh a ngairme i dtimpeallacht rialáilte, rialaithe shábháilte ar chuma go n-áiritheofar go gcuirfear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh den scoth ar fáil don bpobal.

In Alt 1 d'Alt 21 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, éilítear ar an gComhairle gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas ar an airgead ar fad a fuair nó a chaith sí a choinneáil, cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe san áireamh. Agus na ráitis airgeadais sin a n-ullmhú aici tá ar an gComhairle:-

- Beartais cuntaisaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin muna cuí glacadh leis go leanfaidh an Chomhairle de bheith ag oibriú
- Difríochtaí ábhartha ar bith i gcomparáid leis na Caighdeáin Chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an chomhairle freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhallann na ráitis airgeadais Cuid 1 d'Alt 21 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Tá an Chomhairle freagrach, leis, as a cuid sócmhainní a chosaint agus dá thoradh sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a aimsiú.

Cathaoirleach ____________________

POF ____________________

Dáta 15/10/09

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ar an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005. Bunaíodh an Chomhairle chun gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialú. Déanann an tAcht foráil d'aistriú bhaill foirne, shócmhainní agus dhliteanas an Bhoird Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta, rud a chuirfidh an tAire Sláinte agus Leanaí i bhfeidhm amach anseo.

**1. Bunús Cuntasaíochta**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá léirithe thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo faoi chomhghnás an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuarascála Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh. Is é an Euro an t-aonad airgeadra.

**2. Deontas ón Oireachtas**

Léiríonn ioncaim deontais a aithnítear sna ráitis airgeadais

i. An méid iomlán a d'íoc an Roinn Sláinte agus Leanaí thar ceann na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh i gcaitheamh na tréimhse ó mhí Eanáir go mí Mheithimh 2008 agus
ii. Ó mhí Iúil 2008 an méid a fuarthas ón Roinn Sláinte agus Leanaí.

**3. Sócmhainní seasta agus Dímheas**

i Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnach.
ii. Dímheastar sócmhainní seasta ag rátaí bliantúla de réir mhéid chothroim chun iad a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha. Gearrtar dímheas bliana iomláine sa bhliain ina gceannaítear agus ina gcuirtear de láimh iad.

| | |
|---|---|
| Troscán agus daingneáin | 20% |
| TF/Trealamh Oifige | 33.3% |

**4. Cuntas Caipitil**

Léiríonn an cuntas caipitil an luach ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a airgeadú

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2008

| | **Nótaí** | **Bliain dar críoch 2008 €** | **Tréimhse dar críoch 2007 €** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 1 | 324,862 | 57,650 |
| | | 324,862 | 57,650 |
| Aistriú ó/go Cuntas Caipitil | 7 | (13,777) | - |
| | | 311,085 | 57,650 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 4 | 124,676 | - |
| Taisteal | | 1,804 | 4,660 |
| Costais Lóistín | 2 | 30,235 | 30,110 |
| Riarachán Oifige | 3 | 41,661 | 31,499 |
| Soláthairtí Oifige | | 1,010 | - |
| Foilseacháin | | 669 | - |
| Táillí i leith Seirbhísí Proifisiúnta | | 30,000 | - |
| Táille Iniúchóireachta | | 3,500 | 2,000 |
| Táillí Cuntasaíochta | | 1,823 | - |
| Dlíthairiscint | | 8,955 | - |
| Margaíocht | | 11,227 | - |
| Seirbhísí Pinsin | | 8,773 | - |
| Seirbhísí Párolla | | 425 | - |
| Dímheas | | 6,248 | - |
| | | 271,006 | 68,269 |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | | 40,079 | (10,619) |
| Barrachas i dtosach na bliana | | (10,619) | - |
| Barrachas i ndeireadh na bliana | | 29,460 | (10,619) |

Aithnítear gach caillteanas agus gach gnóthachan sa gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.
Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-8

Cathaoirleach ______________________

POF ______________________

Dáta 15/10/09

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2008

| | Nótaí | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | 5 | 13,777 | - |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc | | 67,928 | - |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | | 4,971 | - |
| | | 72,899 | - |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 6 | 43,439 | 10,619 |
| **Glanshócmhainní (glandhliteanais) reatha** | | 29,460 | (10,619) |
| **Iomlán na Sócmhainní** | | 43,237 | (10,619) |
| **Arna dtaispeáint ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 7 | 13,777 | - |
| Cuntas Ioncaim agus caiteachais | | 29,460 | (10,619) |
| | | 43,237 | (10,619) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-8

Cathaoirleach ____________

POF ____________

Dáta 15/10/09

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| 1. **Deontas ón Oireachtas** | **€** | **€** |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí | 324,862 | 57,650 |
| | 324,862 | 57,650 |

Léiríonn an t-ioncam ón deontas an méid a scaoileadh ón Roinn Sláinte agus Leanaí chun freastal ar chaiteachas a thabhaigh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh sa tréimhse go mí Mheithimh 2008. Ó mhí Mheithimh 2008 amach tharraing an Chomhairle ioncam deontais díreach ón Roinn Sláinte agus Leanaí

Tá deontais chaipitil €10,681 (2007: Nialas) san áireamh sna méideanna thuas

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| 2. **Costais lóistín** | | **€€** |
| Cíos, rátaí, árachas agus muirear seirbhíse | 30,235 | 30,110 |
| | 30,235 | 30,110 |

I gcostais lóistín áirítear cíos, rátaí, árachas agus muirir sheirbhíse a tabhaíodh maidir le spás oifige a roinneann an Chomhairle leis an mBord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta.

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| 3. **Riarachán Oifige** | **€** | **€** |
| Guthán | 1,619 | - |
| Glaonna ar Thairiscintí TF | 198 | - |
| Crua-earraí /bogearraí TF | 41 | - |
| Deisiúcháin | 318 | - |
| Costais páipéarachais agus oifige | 2,104 | - |
| Earcú foirne | 9,302 | - |
| Oiliúint foirne agus comhdhálacha | 5,410 | - |
| Costais an Fho-choiste | 1,134 | - |
| Cruinnithe comhairle | 6,283 | 14,559 |
| Táillí an chathaoirligh | 15,000 | 16,940 |
| Mionairgead | 33 | - |
| Táillí bainc | 219 | - |
| | 41,661 | 31,499 |

4. **Tuarastail**
Bhí beirt bhall foirne fostaithe ag an gComhairle sa bhliain. Tá duine amháin díobh ar iasacht chuig an gComhairle ar feadh 2 bhliana agus tá an duine eile ar chonradh téarma shocraithe 10 mí. Ba é €124,676 na costais tuarastail. Tá athmhuirearú costas tuarastail an POF ó Ospidéal Beaumont san áireamh leis seo.

2008

AN CHOMHAIRLE UM GHAIRMITHE SLÁINTE AGUS CÚRAIM SHÓISIALAIGH

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

| | | Daingneáin agus Feistis € | TF/Trealamh Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| 5. | **Sócmhainní seasta** | | | |
| | Costas ar an 1 Meitheamh | - | - | - |
| | Breiseanna sa bhliain | 3,160 | 16,865 | 20,025 |
| | Diúscairtí sa bhliain | - | - | - |
| | | 3,160 | 16,865 | 20,025 |
| | **Dímheas** | | | |
| | Dímheas carnach ar an 1 Meitheamh | - | - | - |
| | Dímheas sa bhliain | 532 | 5,716 | 6,248 |
| | Dímheas ar dhiúscairtí | - | - | - |
| | Dímheas carnach ar an 31 Nollaig | 532 | 5,716 | 6,248 |
| | Luach Glan na Leabhar ar an 31 Nollaig 2008 | 2,628 | 11,149 | 13,777 |
| | Luach Glan na Leabhar ar an 1 Meitheamh 2008 | - | - | - |

| | | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|---|
| 6. | **Creidiúnaithe agus Fabhruithe** | | |
| | Fabhrú – párolla | 14,564 | - |
| | Fabhrú – eile | 28,875 | 1,061 |
| | | 43,439 | 1,061 |

| | | 2008 € | 2007 € |
|---|---|---|---|
| 7. | **Cuntas Caipitil** | | |
| | Iarmhéid ar an 1 Eanáir | - | - |
| | Aistriú chuig Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Maoiniú chun sócmhainní seasta a cheannach | 20,025 | - |
| | Lúide: amúchadh de réir dímheasa | (6,248) | - |
| | | 13,777 | - |
| | Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 13,777 | - |

8. **Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ar Dé Máirt, an 6ú Deireadh Fómhair 2009.

2008

# AGUISÍN 1

**Tinreamh ar chruinnithe na Comhairle i 2008**

X – i láthair N – ní ball den gComhairle é/í

**Dátaí an chruinnithe**

| Ainm | 7ú Feabh | 3ú Aibr | 5ú Meith | 4ú MF | 2ú DF | 4ú Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Margaret Hayes Chair | X | X | X | | X | X |
| Vincent McCabe | X | X | X | | | X |
| Bernie McNally** | X | X | | X(C) | X | N |
| Joan Freeman | | X | | X | | X |
| Joan Johnson | | | X | X | X | X |
| Denis Cusack | X | | | X | X | X |
| Michael O’Halloran | X | | X | | | X |
| Mary O’Donnell | X | | | X | X | |
| James Browne* | | X | N | N | N | N |
| Elva Gannon | X | X | X | X | | |
| Tony Darmody | X | X | X | X | X | |
| Pat Quinlan+ | N | N | X | X | X | |
| Kevin Jones | X | | N | N | N | N |
| Tom Jordan | X | | | X | X | X |
| Una Shiels | X | X | | X | | |
| John O’Mullane | X | X | X | X | X | X |
| Margaret Doyle | X | X | X | X | | X |
| Jacqui Barry-O’Crowley | X | X | | | X | X |
| Elizabeth Anne McKay | X | X | X | X | X | X |
| Nanno Fitzsimons | X | X | X | | X | X |
| Jill Long | X | X | X | X | X | X |
| Patricia Godwin | X | X | X | X | | X |
| Mitchel J. Fleming | X | X | X | X | X | X |
| Monica Egan | X | X | X | X | | X |
| Mark McEntee | X | X | | X | | X |
| David Power | X | X | X | X | X | |

** d’éirigh as i mí Mheán Fómhair 2008

* d’éirigh as i mí Bhealtaine 2008

+ tháinig in ionad Kevin Jones

# BALLRAÍOCHT NA NGRÚPAÍ OIBRE DE CHUID NA COMHAIRLE

**An Choiste Airgeadais**
Vincent McCabe (*Cathaoirleach/Comhordaitheoir)*
Elizabeth Anne McKay
Bernie McNally
Tony Darmody
Pat Quinlan *(chuaigh in ionad Kevin F. Jones)*
Mitchel Fleming
Jacqui Barry O'Crowley
Nanno Fitzsimons

**Earcú an POF**
Elva Gannon
Bernie McNally
Denis A Cusack
Tom Jordan
Mark McEntee
Elizabeth Anne McKay

**Oiriúnacht chun Cleachtaidh**
Jill Long *(Comhordaitheoir)*
Joan Freeman
David Power
Denis A Cusack
Monica Egan
Tony Darmody
Simonetta Ryan *(Príomhoifigeach, Aonad an Fhóraim Shláinte, Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí Meán Fómhair 2008)*
Sinead McEvoy *(Comhairleoir Sinsearach Teiripe, Aonad Comhairleoireachta Teiripe, Roinn Sláinte agus Leanaí)*

**Clárú**
Mark McEntee *(Comhordaitheoir)*
John O'Mullane
Jill Long
Patricia Godwin
David Power
Michael O'Halloran
Jacqui Barry O'Crowley
Margaret Doyle
Nanno Fitzsimons
Mitchel Fleming
Vincent McCabe

**Oideachas**
Elizabeth Anne McKay *(Comhordaitheoir)*
Joan Johnson
Bernie McNally
Monica Egan
Mark McEntee
Margaret Doyle
Una O'Sheil
Sinead McEvoy (*Comhairleoir Sinsearach Teiripe, Roinn Sláinte agus Leanaí)*
Eilís Walsh *(Stiúrthóir, An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta)*

**Rialachas**
Tom Jordan *(Comhordaitheoir)*
Elva Gannon
Michael O'Halloran
Patricia Godwin
John O'Mullane

Health and Social Care Professionals Council
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

c/- NSWQB
8-11 Lower Baggot Street, Dublin 2
Tel: 01-6619318 Fax: 01-6619276
Email: info@hscpc.ie